An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

# An tAcht um Inscne a Aithint, 2015

# Tuarascáil Bhliantúil don Bhliain 2020

**(Arna ullmhú i gcomhréir le hAlt 6 den Acht)**

**30.06.2021**

# Clár an Ábhair

1. Réamhrá ..... 1
2. Cúlra ..... 1
3. Leasuithe ..... 2
4. Seirbhísí Aitheantais Cliaint ..... 2
5. Oifig an Ard-Chláraitheora ..... 3
6. Staitisticí – An tAcht um Inscne a Aithint, 2015 ..... 4
7. Staitisticí Eile ..... 6
8. Athbhreithniú ar oibriú an Achta ..... 7

# 1. Réamhrá

Achtaíodh an tAcht um Aithint Inscne 2015 ("an tAcht") an 22 Iúil 2015 agus cuireadh tús leis an 4 Meán Fómhair 2015. Tá an Tuarascáil Bliantúil seo dréachtaithe i gcomhréir le cuid 6 an Achta. Déantar tuairisc ann, thar aon ní eile, ar iarratais a rinneadh i gcomhair deimhnithe aitheantais inscne, iarratais ina bhfuil aitheantas ag iarrthóir cheana i ndlínse eile, aisghairmeacha ar dheimhnithe aitheantais inscne ag an Aire, iarratais chun deimhnithe aitheantais inscne a aisghairm ag an sealbhóir agus deimhnithe aitheantais inscne a cheartú.

Seo an cúigiú tuarascáil atá le foilsiú faoi réir an Achta agus cumhdaíonn sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020. Tá tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe seo ar fáil anseo[1].

# 2. Cúlra

D'eascair an gá atá le reachtaíocht a thabhairt isteach sa limistéar seo as Ordú Ard-Chúirte a rinneadh i Márta 2008. Dearbhaíodh san Ordú gur tháinig roinnt alt den Acht um Chlárú Sibhialta, 2004 salach ar oibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar gheall nach ndearnadh soláthar do phróiseas aitheantais inscne. Téitear i ngleic san Acht leis seo trína fhoráil go n-aithníonn an Stát rogha inscne duine ar gach cuspóir. Baintear seo amach trí dheimhniú aitheantais inscne a eisíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí. Luaitear níos sonraí in alt 18 den Acht:

> *"I gcás go n-eiseofar deimhniú aitheantais inscne chuig duine, is í inscne an duine ó dháta na heisiúna sin, chun gach críche, an rogha inscne sa dóigh, más í an inscne fhireann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas fir, agus, más í an inscne bhaineann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas mná."*

[1] Liosta iomlán de Thuarascálacha Bliantúla: https://www.gov.ie/en/publication/292d01-annual-reports-under-section-6-of-the-gender-recognition-act-2015/

Áirítear le príomhéifeachtaí eile na reachtaíochta dóibh siúd ar mian leo go n-aithneofar a n-inscne:

- Is féidir leis an duine a n-aithnítear a rogha inscne teastas breithe nua a fháil ó Oifig an Ard-Chláraitheora ar a dtaispeántar an rogha inscne agus ainmneacha nua (má athraítear ainmneacha freisin) má cláraíodh a mbreith in Éirinn.
- Ní bheidh aon éifeacht ag aon chearta, freagrachtaí nó torthaí ar ghníomhartha a rinne an duine sin ina mbuninscne roimh dháta an aitheantais.

Áirítear le príomhfheidhmeanna an Achta forálacha i gcomhair:

- Samhail féindhearbhaithe i gcomhair daoine trasinscneacha atá 18 mbliana d'aois nó níos sine;
- Úsáid an téarma 'rogha inscne' i bhfoclaíocht an Achta;
- Bealach chun aitheantas a fháil i gcomhair daoine atá idir 16 agus 18 mbliana d'aois;
- Athbhreithniú foirmiúil ar oibriú an Achta le tosú ar a dhéanaí dhá bhliain i ndiaidh a thosaithe; agus
- Ailíniú na reachtaíochta maidir le heisiúint pasanna do dhaoine trasinscneacha.

# 3. Leasuithe

Foráladh i dtosach san Acht gur chóir iarratasóir ar dheimhniú aitheantais inscne gan a bheith pósta (bhí sin riachtanach ar feitheamh thoradh na n-agóidí dlíthiúla don Reifreann Comhionannais Pósta). I ndiaidh dhíbhe na n-agóidí dlíthiúla, rinneadh leasú ar an Achta in Acht na bPóstaí, 2015, a bhain an riachtanas go mbeadh iarratasóir neamhphósta.

# 4. Seirbhísí Aitheantais Cliaint

Próiseáiltear iarratais ar dheimhnithe aitheantais inscne sa rannán Seirbhísí Aitheantais Cliaint sa Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Tá freagracht ar an rannán as aitheantas an chustaiméara a dheimhniú agus a

fhíordheimhniú, chomh maith le tacú le forbairt creat beartais aitheantais le haghaidh rialachais agus chun seirbhísí bainistíochta aitheantais a sholáthar.

Ceann de phríomhréimsí feidhmiúcháin Sheirbhísí Aitheantais Cliaint is ea an limistéar Bainistíochta Cáilíochta Sonraí. Ó mhí Iúil 2015 i leith, tá freagracht ar fhoireann bheag daoine ón limistéar sin as oibriú an Achta, lena n-áirítear próiseáil ar iarratais ar dheimhniú aitheantais inscne. Ní féidir rochtain a fháil ar an gcóras trína bhfuil iarratais próiseáilte ach ag an bhfoireann deimhnithe aitheantais inscne sa limistéar Bainistíochta Cáilíochta Sonraí. Gné lárnach í an rúndacht i gcomhair an phróisis iarratais ar dheimhniú aitheantais inscne. I ndiaidh d'iarratas a bheith próiseáilte, déantar nuashonrú ar na taifid chun go mbeidh an inscne nua ar taispeáint. Go ginearálta, eisítear deimhniú aitheantais inscne don chliaint laistigh de 2-3 lá oibre i ndiaidh an chinnidh a dhéanamh chun é a dheonú.

# 5. Oifig an Ard-Chláraitheora

Is é Oifig an Ard-Chláraitheora an taisclann lárnach shibhialta do thaifid a bhaineann le breitheanna, marbh-bhreitheanna, uchtuithe, póstaí, páirtnéireachtaí sibhialta agus básanna in Éirinn. Oibrítear é faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus tá freagracht air as an tSeirbhís Chlárúcháin Shibhialta a riar in Éirinn.

Tá an tArd-Chláraitheoir freagrach as an gcóras a bhainistiú agus a rialú do chlárúchán in Éirinn, agus tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagrach as soláthar laethúil na Seirbhíse Clárúcháin Sibhialta a sholáthar trí ghréasán oifigí seirbhíse clárúcháin ar fud an Stáit.

Rinne an tAcht um Aithint Inscne, 2015 leasú ar an Acht um Chlárúchán Sibhialta, 2004, trína cheangal ar an Ard-Chláraitheoir clár aitheantais inscne a bhunú agus a oibriú. I ndiaidh do dhuine deimhniú aitheantais inscne a fháil, is féidir leo iarratas a dhéanamh le bheith curtha leis an gclár sin. Ceadóidh sé sin teastas breithe a eisiúint ón gclár ar a léirítear inscne nua an duine.

Tugadh córas nua uimhrithe isteach i Ráithe 4 in 2019 ar aon dul le Moladh 4 an

ghrúpa a bunaíodh chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an Acht[2]. Ciallaíonn seo go bhfuil cuma ar dheimhnithe a eisítear ón gClár Aitheantais Inscne atá cosúil le deimhniú ar bith eile a eisítear ó Chlár na mBreitheanna. Tá deimhnithe ionaid, ina gcuirtear an uimhir chláraithe san áireamh, ar fáil ar iarraidh sin saor in aisce.

De bhrí gur gné an-tábhachtach í an phríobháideacht don phróiseas aitheantais inscne, bíonn an clár aitheantais inscne agus an nasc leis an mbunchlár breitheanna rúnda.  Chun cuidiú tuilleadh le rúndacht a chinntiú, ní féidir na teastais breithe ar a dtaispeántar an inscne nua a fháil ach ó Oifig an Ard-Chláraitheora, ag an duine a mbaineann an teastas breithe leis/léi, nó má fuair siad bás, an teaghlach marthanach.

# 6. Staitisticí – An tAcht um Inscne a Aithint, 2015

***Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Inscne***

Ba é líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a fuarthas in 2020 115.  Sonraítear i **dTábla 1** líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a próiseáladh de réir aoise:

**Tábla 1 - Deimhnithe Aitheantais Inscne**

| Bliain | Iarratais a Fuarthas | | | Iarratais a Deonaíodh | | | Iarratais a Diúltaíodh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Aois 16/17 | Aois 18+ | Iomlán | Aois 16/17 | Aois 18+ | Iomlán[3] | Aois 16/17 | Aois 18+ | Iomlán |
| **2020** | 1 | 114 | **115** | 1 | 107 | **108** | Náid | Náid | Náid |
| **2019** | 2 | 166 | **168** | 1 | 159 | **160** | Náid | Náid | Náid |
| **2018** | 2 | 131 | **133** | 2 | 122 | **124** | Náid | Náid | Náid |
| **2017** | 3 | 96 | **99** | 2 | 95 | **97** | Náid | 1 | **1** |
| **2016** | 6 | 104 | **110** | 6 | 103 | **109** | Náid | Náid | Náid |
| **2015[4]** | 2 | 87 | **89** | 2 | 87 | **89** | Náid | Náid | Náid |
| **Iomláin** | **15** | **584** | **599** | **13** | **566** | **579** | **Náid** | **1** | **1** |

Faoi alt 8(3) an Achta, is féidir leis an Aire cinneadh a dhéanamh chun deimhniú

[2] Tá moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe leagtha amach in Aguisín 1.

[3] D'fhéadfaí iarratais a fuarthas i mbliain amháin a dheonú i mbliain ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh cásanna a bheith ar feitheamh cinnidh ag deireadh aon bhliana.

[4] Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

aitheantais inscne a eisiúint nó diúltú do dheimhniú aitheantais inscne a eisiúint. Nuair a dhéantar cinneadh iarratas a dhiúltú, ní mór don Aire, faoi alt 8(5), eolas a thabhairt don iarratasóir maidir leis na cúiseanna leis an gcinneadh agus cur in iúil don iarratasóir an ceart atá aige/aici achomharc a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda laistigh de 90 lá ón dáta fógra. Áirítear le cúiseanna féideartha chun diúltaithe nuair nach bhfuil an t-iarratasóir ina d(h)uine ar féidir leis/léi cur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne (de réir forálacha alt 9 an Achta); nuair is ionann rogha inscne an duine agus inscne eile seachas baininscneach nó firinscneach nó nach gclúdaítear é ag forálacha an Achta; nó ina bhfuil an t-iarratas á dhéanamh maidir le duine 16 nó 17 mbliana d'aois ach gan díolúine na cúirte a bheith ag teastáil faoi alt 12.

## Clárúcháin ar an gClár Aitheantais Inscne

Tugtar breac-chuntas i **dTábla 2** ar líon na gclárúchán ar an gClár Aitheantais Inscne de réir aoise. Rinneadh 71 clárúchán, ar an iomlán, ar an gClár Aitheantais Inscne i rith 2020, agus bhí iarratasóir amháin faoi 18 mbliana d'aois.

**Tábla 2 - Clárúcháin ar an gClár Aitheantais Inscne de réir aoise**

| Bliain | Aois 16/17 | Aois 18+ | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **2020** | 1 | 70 | **71** |
| **2019** | 0 | 102 | **102** |
| **2018** | 2 | 73 | **75** |
| **2017** | 0 | 60 | **60** |
| **2016** | 6 | 71 | **77** |
| **2015**[5] | 2 | 54 | **56** |
| **Iomláin** | **10** | **258** | **268** |

## Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn iad

Faoi alt 9(1)(b) an Achta, is féidir le cónaitheoir an Stáit nár rugadh in Éirinn cur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne. As na 115 deimhniú aitheantais inscne a eisíodh in 2020, eisíodh 32 díobh le cónaitheoirí an Stáit nár rugadh in Éirinn. Bhí na hiarratasóirí go léir 18 mbliana d'aois nó níos sine. Eisíodh 131 deimhniú aitheantais inscne, ar an iomlán, faoin alt seo ó cuireadh tús leis an Acht.

[5] Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

### Aitheantas i ndlínse eile

Ceadaítear in alt 11(2) den Acht do dhuine a d'athraigh inscne i ndlínse eile iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Fuarthas cúig iarratas faoin alt seo i rith 2020. Eisíodh dhá dheimhniú aitheantais inscne dhéag, ar an iomlán, faoin bhforáil seo ó cuireadh tús leis an Acht.

### Cúlghairmeacha

Faoi alt 14 den Acht, is féidir leis an Aire deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm nuair a fuarthas faisnéis a ndiúltófaí an deimhniú dá barr, dá bhfaighfí é sular eisíodh an deimhniú. Ní dhearna an tAire aon deimhnithe aitheantais inscne a chúlghairm in 2020 faoin alt seo.

Más mian le sealbhóir deimhniú aitheantais inscne iompú ar a mbuninscne, ceadaíonn alt 15 den Acht dóibh iarratas a dhéanamh leis an Aire chun an deimhniú a chúlghairm. Ní dhearnadh aon iarratais i rith 2020 ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm faoin alt seo. Rinneadh trí chúlghairm ó cuireadh tús leis an Acht agus iarratasóirí a bhí níos sine ná 18 mbliana d'aois a bhí iontu go léir.

### Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne

Faoi alt 16 den Acht, is féidir le sealbhóir deimhniú aitheantais inscne iarratas a dhéanamh leis an Aire chun go ndéanfar an deimhniú a leasú má bhíonn botún cléireachais nó earráid fírice in ábhar an deimhnithe. Fuarthas iarratas amháin ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a leasú i rith 2020. Ní dhearnadh ach ceithre cheartú ó cuireadh tús leis an Acht.

## 7. Staitisticí Eile

### Acht na bPasanna, 2008

Déanann alt 38 an Achta leasú ar Acht na bPasanna, 2008 ionas gur féidir le sealbhóir deimhniú aitheantais inscne iarratas a dhéanamh leis an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus iarraidh go n-eiseofar pas san ainm agus san inscne a shonraítear ar an deimhniú aitheantais inscne.

D’eisigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha 63 pas do shealbhóirí deimhniú aitheantais inscne i rith 2020 – eisíodh 3 chinn díobh seo do dhaoine aonair níos óige ná 18 mbliana. Ó cuireadh tús leis an Acht, eisíodh 228 pas do shealbhóirí deimhniú aitheantais inscne, a raibh 8 shealbhóir díobh níos óige ná 18 mbliana.

### Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956

Ionas gur féidir ceadú do dhuine ar chlár na mbreitheanna eachtracha go n-aithnítear a rogha inscne, rinne alt 31 an Achta leasú ar Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann, 1956 chun foráil a dhéanamh do chlár aitheantais inscne breitheanna eachtracha a bhunú agus a chothabháil ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Níorbh fhéidir iarratas a dhéanamh faoin bhforáil seo roimh an 1 Nollaig 2017 nuair a tháinig rialacháin a bhronn éifeacht ar an alt seo i bhfeidhm[6]. Deonaíodh 5 iarratas faoin alt seo in 2020, agus rinne daoine níos sine ná 18 mbliana d’aois gach ceann. Deonaíodh 8 ndeimhniú faoi na forálacha seo ó tháinig siad i bhfeidhm.

### An tAcht Uchtála, 2010

Déanann alt 33 den Acht um Inscne a Aithint, 2015 leasú ar an Acht Uchtála, 2010 lena cheadú d’Údarás Uchtála na hÉireann “clár ar a dtabharfar clár aitheantais inscne na n-uchtálacha idir tíortha” a bhunú. Níor iontráladh aon chlárúcháin ar Chlár Aitheantais Inscne na nUchtálacha idir Tíortha i rith 2020. Fuarthas seacht n-iarratas, ar an iomlán, faoin bhforáil seo ó cuireadh tús leis an Acht.

# 8. Athbhreithniú ar oibriú an Achta

[6] Tagraítear in I.R. Uimh. 539/2017 na Rialacháin um Breitheanna Coigríche a Aithint, 2017 dó seo. Tá sé ar fáil anseo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/539/made/en/print

Foráiltear in alt 7 den Acht go gcuirfidh an tAire tús le hathbhreithniú ar an tAcht laistigh de 2 bhliain tar éis dó teacht i bhfeidhm. Bhunaigh an tAire Doherty grúpa i Samhain 2017 chun tabhairt faoi athbhreithniú ar oibriú an Achta. Bhí páirt lárnach ag próiseas comhairliúcháin san athbhreithniú a dhírigh ar an leibhéal ab fhairsinge agus ab fhéidir de chomhairliúchán poiblí. Fuarthas de bhreis ar 92 aighneacht scríofa, ar an iomlán, agus tá siad ar fáil anseo[7]..

Chuir an Grúpa Athbhreithnithe cruinnithe leantacha comhairliúcháin ar siúl chomh maith le baill den phobal trasinscneach, lia-chleachtóirí, agus saineolaithe dlí. Chuala siad taithí saoil daoine óga trasinscneacha agus tuismitheoirí le daoine óga trasinscneacha, agus chuir siad plé ar siúl freisin le daoine fásta neamh-dhénártha. Seoladh tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe ar aghaidh an 15 Meitheamh 2018 agus foilsíodh é an 18 Iúil 2018. Is féidir moltaí na tuarascála a léamh in Aguisín 1.

## An staid ag deireadh na bliana 2020

D'fhoilsigh an tAire a freagairt i Samhain 2019 do mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe a bunaíodh chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an Acht um Inscne a Aithint, 2015 - is féidir cóip den tuarascáil a léamh anseo[8].

Cuimsíodh sa tuarascáil seo moltaí le reachtaíocht a thabhairt isteach a dhéanfadh an méid seo a leanas:

- An bealach a fhaide le haitheantas dlíthiúil inscne do leanaí 16/17 mbliana d'aois a shimpliú trí shocrú a thabhairt isteach le haghaidh féindearbhú, le toiliú tuismitheora; próiseas simplí cúlghairme; agus trí thacaíocht idirghabhála teaghlaigh a chur ar fáil ar bhonn deonach;
- A shainaithint go soiléir ar dheimhniú aitheantais inscne do dhaoine

[7] Nasc iomlán le haighneachtaí: https://www.gov.ie/en/consultation/001721-review-of-the-gender-recognition-act-2015/
[8] Nasc iomlán leis an tuarascáil: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/69547/dd757168e2e44d3faa7196b4b17fc4d8.pdf

16 agus 17 mbliana d'aois go mbronntar é ar bhunús féindearbhaithe amháin (chun soiléireacht níos mó a chruthú maidir leis an gcaoi gur rud ar leith é aitheantas dlíthiúil inscne ó aon cheist idirghabhála leighis);

- A fhoráil gur féidir deimhniú aitheantais inscne a úsáid le cruthúnas a sholáthar gur athraíodh ainm agus gur cruthúnas é gur athraíodh inscne;
- A fhoráil go gceadófaí do shaoránaigh Éireannacha a rugadh lasmuigh den Stát agus a chónaíonn lasmuigh den stát (Tuaisceart Éireann san áireamh) cur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne.

Cé go mbaineann na moltaí reachtaíochta le leanaí atá níos sine ná 16 bliana d'aois, chomhaontaigh an tAire, i gcomhar leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, le taighde a choimisiúnú freisin chun saincheisteanna is ábhar buartha a bhaineann le leanaí níos óige ná 16 bliana d'aois a scrúdú.

Anuas air sin, mhol an Grúpa Athbhreithnithe síneadh a chur le haitheantas dlíthiúil inscne a bhronnadh ar dhaoine neamh-dhénártha, agus a aithint freisin castacht na saincheiste agus a aithint go bhféadfadh anailís chuimsitheach tionchair a bheith ag teastáil. Tá grúpa idir-rannach le bunú chun tabhairt faoin mheasúnacht tionchair seo agus le tuarascáil a chur faoi bhráid an Rialtais lena breithniú. I dturas an ama, rachaidh Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile i mbun bearta dearfacha le feabhas a chur ar staid daoine neamh-dhénártha.

Tosaíodh roinnt oibre maidir leis na bearta seo ag tús 2020 ach mar gheall ar dheireadh na Dála deireanaí agus ar an bpróiseas foirmithe rialtais ina dhiaidh sin; cuireadh stop le tabhairt chun críche aistriú feidhmeanna mar gheall ar an díriú ar fhreagairt don ghéarchéim shláinte poiblí.

Ó shin i leith, mar gheall gur díríodh acmhainní laistigh den Roinn ar

Íocaíocht Dífhostaíochta na Paindéime agus ar cheisteanna gaolmhara, níorbh fhéidir an obair seo a chur chun cinn níos mó. Cuimsítear na moltaí i gClár an Rialtais, áfach, agus leanfar le hathbhreithniú a dhéanamh orthu sa chomhthéacs sin.

***Meitheamh 2021***

# Aguisín 1 – Moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe

## Moladh 1:

Ní mór córas aitheantais inscne a thabhairt isteach do leanaí ar aois ar bith, faoi réir na bpíomhphrionsabal a leanas:

- Teastaíonn toiliú tuismitheora (chomh maith le próiseas dlíthiúil cuí chun dul i ngleic le cásanna nuair nach dtugann an bheirt tuismitheoirí toiliú nó nach féidir nó nach sábháilte amhlaidh a fháil),
- Próiseas riaracháin a bheadh sa phróiseas,
- Próiseas neamhchasta cúlghairme,
- Tacaíocht tríú páirtí don leanbh agus don teaghlach a bhíonn i gceist.

## Moladh 2A:

Ba cheart aitheantas inscne dlíthiúil a bheith curtha ar fáil do dhaoine neamh-dhénártha.

## Moladh 2B:

Mar chuid den athbhreithniú Trasrialtais ar na leasuithe rialacháin a mholtar, is féidir le measúnú tionchair a bheith curtha san áireamh.

## Moladh 2C:

Ba cheart do Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile dul i mbun aon bhearta dearfacha ar féidir leo láithreach bhonn le feabhas a chur ar staid daoine neamh-dhénártha.

## Moladh 3:

Ba chóir do gach beart faoina dtugtar chun rochtain ar aitheantas inscne a fheabhsú, maidir le haois agus féiniúlacht inscne (dénártha nó neamh-dhénártha) rochtain a thabhairt do dhaoine idirghnéasacha freisin.

## Moladh 4:

Go dtugann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus Oifig an Ard-Chláraitheora, córas uimhrithe isteach atá díreach mar an gcéanna leis an gceann a úsáidtear do theastais breithe ina mbaintear an t-eolas ó chlár na mbreitheanna.

Ba cheart go mbainfeadh seo le deimhnithe nua agus ba cheart an rogha deimhniú ionaid a sholáthar a bheith ar fáil do dhaoine a bhfuil deimhniú acu cheana féin gan aon uimhir thagartha a bheith acu (agus an táille ar dheimhniú ionaid a eisiúint a tharscaoileadh).

## Moladh 5:

Ba cheart alt 10 den Acht a úsáid (de réir mar atá sé achtaithe cheana nó trí leasú reachtaíochta) chun athrú dlíthiúil a cheadú ar ainm mar chuid den phróiseas aitheantais inscne.

## Moladh 6A:

Go gcuirfear socrúcháin i bhfeidhm chun a cheadú do shaoránaigh Éireannacha a rugadh i dTuaisceart Éireann agus atá ina gcónaí lasmuigh den Stáit, cur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne.

## Moladh 6B:

Go ndéantar eisiúint teastais bhreithe leasaithe a chur ar aird údaráis na Ríochta Aontaithe ar leibhéal oifigiúil.

## Moladh 7:

Go ndéanfaidh ranna agus gníomhaireachtaí scrúdú ar bhealaí chun próisis iarratais a dhéanamh níos éasca; idircheangal idir Ranna a fheabhsú; agus costais a laghdú chun cáipéisí oifigiúla a athchur amhail teastais bhreithe agus pas.

## Moladh 8:

Go ndéanann gach Roinn/comhlacht an Rialtais scrúdú ar conas is féidir próisis

riaracháin, i ndiaidh do Dheimhniú Aitheantais Inscne a bheith faighte, a dhéanamh níos éasca agus príobháideacht an duine á cosaint i gcomhhtráth.

### Moladh 9:

Gur cheart go mbeadh athbhreithniú ar an Acht agus aon mheasúnú tionchair maidir le reachtaíocht a thabhairt isteach chun aitheantas inscne dlíthiúil a thabhairt do dhaoine neamh-dhénártha críochnaithe laistigh de chúig bliana i ndiaidh gur tosaíodh forálacha aon reachtaíochta leasaithe a achtaíodh a eascraíonn as an athbhreithniú seo.   Chlúdódh an t-athbhreithniú sin aon fhorálacha nua in aon rialachán leasaithe.

### Moladh 10A:

Go bhfoilseoidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí leabhrán atá éasca le léamh ina leagtar amach na céimeanna a bhaineann le Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil mar aon le hiontráil ar an gclár aitheantais inscne.   Ba chóir go mbeadh comhairle san áireamh leis freisin maidir leis na chéad chéimeanna eile a bhfuiltear le tabhairt fúthu, ina liostaítear ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit eile a mb’fhéidir gur chóir teagmháil a dhéanamh leo chun taifid phearsanta a nuashonrú.

### Moladh 10B:

Molann an grúpa freisin go mbeidh leabhrán ullmhaithe i gcomhair Ranna Rialtais, comhlachtaí eile an Stáit, agus eagraíochtaí príobháideacha eile, ina leagtar amach conas a bhaineann an tAcht leo.